C/2023/1355

1.12.2023

TUAIRIM on mBANC CEANNAIS EORPACH

an 13 Deireadh Fómhair 2023

maidir le togra le haghaidh rialachán maidir le dlíthairiscint nótaí bainc euro agus bonn euro

(CON/2023/31)

(C/2023/1355)

Réamhrá agus bunús dlí

An 27 Iúil 2023 agus an 11 Meán Fómhair 2023, fuair an Banc Ceannais Eorpach (BCE) iarrataí ó Pharlaimint na hEorpa agus ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh, faoi seach, ar thuairim maidir le togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dlíthairiscint nótaí bainc agus boinn euro ([1]) ('an rialachán atá beartaithe' anseo feasta).

Tá inniúlacht BCE tuairim a thabhairt bunaithe ar Airteagal 133 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, lena bhforáiltear, gan dochar do chumhachtaí BCE, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle go leagfaidh sé síos na bearta is gá chun an euro a úsáid mar airgeadra aonair, agus go nglacfar na bearta sin tar éis dul i gcomhairle le BCE. I gcomhréir leis an gcéad abairt d'Airteagal 17.5 de Rialacha Nós Imeachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh, tá an Chomhairle Rialaithe tar éis an tuairim seo a ghlacadh.

1. **Barúlacha ginearálta**

1.1. Is díol sásaimh do BCE an rialachán atá beartaithe, a mbeidh feidhm aige sna Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu. Tacaíonn BCE go láidir le rialacha a bhunú maidir le stádas dlíthairgthe nótaí bainc agus bonn euro ar fud an limistéir euro i ndlí tánaisteach an Aontais. Leis na rialacha sin, cuirfear chun cinn an deimhneacht dhlíthiúil is gá maidir le coincheap na 'tairiscintí dlí' i ndlí an Aontais, arb é an stádas atá sannta do nótaí bainc euro i ndlí príomha an Aontais agus do bhoinn euro i ndlí tánaisteach an Aontais ([2]). Leis na rialacha a leagtar amach sa rialachán atá beartaithe, áiritheofar comhsheasmhacht freisin, agus na difríochtaí á gcur san áireamh, leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an euro digiteach a bhunú ([3]) (dá ngairtear 'an rialachán atá beartaithe maidir leis an euro digiteach' anseo feasta), lena n-áirítear rialacha maidir le stádas dlíthairgthe an euro dhigitigh. Cuideoidh an rialachán atá beartaithe lena áirithiú go mbeidh an euro digiteach, má eisítear é, ag comhlánú nótaí bainc agus bonn euro, ach nach dtiocfaidh sé ina ionad.

1.2. Is díol sásaimh do BCE go háirithe na bearta a leagtar síos sa rialachán atá beartaithe maidir leis an ngá atá ann go n-áiritheoidh na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu rochtain leordhóthanach agus éifeachtach ar airgead tirim. Chuir BCE fáilte leanúnach roimh dhréachtreachtaíocht náisiúnta a bhfuil sé mar aidhm léi infhaighteacht airgid thirim a chosaint ([4]). Aontaíonn BCE go hiomlán leis an tuairim go bhfuil gá le rochtain ar airgead tirim chun éifeachtacht a stádais dlíthairisceana a chaomhnú. Mura bhfuil rochtain ag saoránaigh ar airgead tirim, ní bheidh siad in ann é a úsáid mar mhodh íocaíochta agus stórála luacha ([5]).

([1]) COM(2023) 364 final.

([2]) Airteagal 128(1), an tríú habairt, den Chonradh agus an tríú habairt d'Airteagal 16 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (dá ngairtear 'Reacht CEBC' anseo feasta); Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 974/98 ón gComhairle an 3 Bealtaine 1998 maidir le tabhairt isteach an euro (IO L 139, 11.5.1998, lch. 1).

([3]) COM(2023) 369 final.

([4]) Féach, mar shampla, mír 3.3 de Thuairim CON/2022/40, mír 7.2 de Thuairim CON/2021/9, mír 2.4 de Thuairim CON/2020/21 agus mír 9.2 de Thuairim CON/2020/13. Foilsítear tuairimí uile BCE ar EUR-Lex.

([5]) Féach roinn 1, leathanach 1, agus roinn 3, leathanach 5, de mheabhrán míniúcháin an rialacháin atá beartaithe, agus Prionsabal 6 de Elteg III sa Tuarascáil Chríochnaitheach ón Sainghrúpa Dlíthairgthe Euro (Elteg) an 6 Iúil 2022, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin ag www.ec.europa.eu

1.3. Is ag BCE atá an ceart eisiach eisiúint nótaí bainc euro laistigh den Aontas a údarú faoin gConradh ([6]). Is iad nótaí bainc euro arna n-eisiúint ag BCE agus ag bainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu an t-aon nótaí bainc a bhfuil stádas dlíthairgthe acu sa limistéar euro ([7]). Déantar foráil maidir le stádas dlíthairgthe boinn euro i ndlí tánaisteach an Aontais ([8]). Mar sin féin, níl aon sainmhíniú atá ceangailteach ó thaobh dlí ar an téarma 'dlíthairiscint' i ndlí tánaisteach an Aontais.

1.4. Bhreithnigh an Chúirt Bhreithiúnais an coincheap 'dlíthairiscint' i mbreithiúnas trí thagairt do Mholadh 2010/191/AE ón gCoimisiún, ina sonraítear, i gcás ina ([9])bhfuil oibleagáid íocaíochta ann, gur cheart an méid seo a leanas a thabhairt le tuiscint le dlíthairiscint nótaí bainc agus boinn euro: (a) glacadh éigeantach leis na nótaí bainc agus na boinn sin ([10]); (b) glacadh leo ar a n-aghaidhluach iomlán; agus (c) a gcumhacht chun urscaoileadh ó oibleagáidí íocaíochta.

1.5. Shoiléirigh an Chúirt freisin gur coincheap de dhlí an Aontais é coincheap na 'tairisceana dlí' a luaitear in Airteagal 128(1) den Chonradh agus nach mór léirmhíniú neamhspleách aonfhoirmeach a thabhairt dó ar fud an Aontais ([11]). Le hAirteagal 133 den Chonradh, ní thugtar de chumhacht do reachtas an Aontais ach na rialacha dlíthiúla a ghlacadh lena rialaítear an stádas dlíthairgthe a thugtar do nótaí bainc agus boinn atá ainmnithe in euro, a mhéid is gá chun an euro a úsáid mar airgeadra aonair. Leis an inniúlacht eisiach sin, coisctear aon inniúlacht ar thaobh na mBallstát san ábhar, mura rud é go bhfuil siad ag gníomhú ar an mbonn go bhfuil sé de chumhacht acu ag an Aontas rialacha den sórt sin a ghlacadh nó i gcás inar gá sin chun gníomhartha de chuid an Aontais a chur chun feidhme ([12]).

1.6. Mar a luadh sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an rialachán atá beartaithe ([13]), deimhníodh sna pléití laistigh de Shainghrúpa Dlíthairgthe an Euro (Euro Legal Tender Expert Group, ELTEG) go bhfuil éiginnteacht dhlíthiúil ann maidir le stádas dlíthairgthe airgid thirim in euro agus cur i bhfeidhm éagsúil a phrionsabail sa limistéar euro. Léirigh siad freisin go raibh imní orthu faoin tionchar atá ag an laghdú ar chumhdach geografach uathmheaisíní bainc (UMBanna) ar rochtain ar airgead tirim agus an laghdú ar sheirbhísí airgid ag brainsí bainc ([14]).

1.7. Cuideoidh an rialachán atá beartaithe lena áirithiú go mbeidh airgead tirim in euro ar fáil i gcónaí, lena n-áirítear i réigiúin fhorimeallacha, agus go nglacfar leis in íocaíochtaí ar fud an limistéir euro, agus ar an gcaoi sin neartófar straitéis airgid thirim an Eurochórais ([15]). D'ainneoin dhigitiú gheilleagar an Aontais agus úsáid mhéadaitheach na modhanna leictreonacha íocaíochta, tá ról tábhachtach fós ag airgead tirim sa tsochaí ([16]). Tá tábhacht ar leith ag

([6]) Airteagal 128(1), an chéad abairt, den Chonradh agus Airteagal 16, an chéad abairt, de Reacht CEBC.

([7]) Airteagal 128(1), an tríú habairt, den Chonradh agus Airteagal 16, an tríú habairt, de Reacht CEBC.

([8]) Airteagal 11 de Rialachán (AE) 974/98.

([9]) Moladh (2010/191/AE) ón gCoimisiún an 22 Márta 2010 maidir le raon feidhme agus éifeachtaí dlíthairisceana nótaí bainc agus bonn euro (IO L 83, 30.3.2010, lch. 70).

([10]) Shoiléirigh an Chúirt freisin nach bhfuil i stádas na nglaonna dlíthairgthe ach glacadh leo i bprionsabal le nótaí bainc agus boinn euro, ní chun glacadh leo go hiomlán. Féadfaidh na Ballstáit srianta a thabhairt isteach ar an oibleagáid glacadh le nótaí bainc agus boinn euro má ghníomhaíonn siad laistigh dá n-inniúlachtaí agus faoi réir coinníollacha áirithe. Féach breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 26 Eanáir 2021, *Hessischer Rundfunk*, C-422/19 agus C-423/19, ECLI:EU:C:2021:63, míreanna 55 agus 56 agus 67 go 70. Sa chomhthéacs sin, déanann BCE dlúthfhaireachán ar aon fhorbairtí sa dlí náisiúnta arb é is aidhm dóibh féidearthachtaí íocaíochta in airgead tirim a theorannú agus ar an gcaoi sin cur isteach ar cheart na saoránach íocaíocht a dhéanamh in airgead tirim. Féach, mar shampla, Tuairim CON/2023/13, Tuairim CON/2022/43, Tuairim CON/2020/33 agus Tuairim CON/2019/39.

([11]) Féach breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 26 Eanáir 2021, Hessischer *Rundfunk*, C-422/19 agus C-423/19, ECLI:EU:C:2021:63 (dá ngairtear 'an breithiúnas i gCásanna Uamtha C-422/19 agus C-423/19' anseo feasta), mír 45.

([12]) Féach an breithiúnas i gCásanna Uamtha C-422/19 agus C-423/19, míreanna 50 go 52.

([13]) Féach roinn 3, leathanach 4 de mheabhrán míniúcháin an rialacháin atá beartaithe agus an Tuarascáil Chríochnaitheach ón Sainghrúpa Dlíthairisceana Euro (Shainghrúpa Dlíthairgthe an Euro, ELTEG) an 6 Iúil 2022, ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin ag www.ec.europa.eu

([14]) Féach Prionsabal 6 de ELTEG III sa Tuarascáil Chríochnaitheach ó Shainghrúpa Dlíthairgthe an Euro (ELTEG) an 6 Iúil 2022, ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin ag www.ec.europa.eu

([15]) Féach 'Straitéis airgid thirim an Eurochórais', atá ar fáil ar shuíomh gréasáin BCE ag www.ecb.europa.eu

([16]) Féach, mar shampla, míreanna 2.4 agus 2.7 de Thuairim CON/2019/46, míreanna 2.1 agus 2.2 de Thuairim CON/2021/18 agus mír 4.7 de Thuairim ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Feabhra 2022 ar thogra le haghaidh treoir agus rialachán maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta (CON/2022/5) (IO C 210, 25.5.2022, lch. 15). Tá a neodracht luaite ag BCE maidir le modhanna éagsúla íocaíochta, rud a chiallaíonn nach bhfuil sé i bhfabhar ionstraim amháin thar ionstraim eile. Féach mír 2.1 de Thuairim CON/2015/55.

baint leis an gcumas íocaíocht a dhéanamh in airgead tirim do ghrúpaí áirithe sa tsochaí, ar fearr leo, ar chúiseanna dlisteanacha éagsúla, airgead tirim a úsáid seachas modhanna íocaíochta eile, nó nach bhfuil rochtain acu ar sheirbhísí bainc ná ar mhodhanna leictreonacha íocaíochta Áirítear ar na grúpaí sin saoránaigh faoi mhíchumas, inimircigh, saoránaigh atá leochaileach go sóisialta, daoine scothaosta, mionaoisigh agus daoine eile nach bhfuil ach rochtain theoranta acu ar sheirbhísí íocaíochta digití nó nach bhfuil aon rochtain acu orthu ([17]).

1.8. Ina theannta sin, tá airgead tirim úsáideach mar ionstraim íocaíochta toisc go nglactar leis go forleathan, go tapa agus go n-éascaíonn sé rialú ar chaiteachas an íocóra. Thairis sin, is é an t-aon ionstraim íocaíochta atá ann faoi láthair lena gcuirtear ar a gcumas do shaoránaigh idirbheart a shocrú le hairgead bainc ceannais ar idirbheart é a shocraítear láithreach freisin, agus príobháideacht á háirithiú ag an am céanna ([18]). Mar airgead bainc cheannais, cinntíonn airgead in euro inmhalartaitheacht airgid bainc thráchtála, rud a chuireann saoránaigh ar a suaimhneas maidir le hinúsáidteacht airgid bainc thráchtála mar mhodh íocaíochta agus maidir lena fheidhm mar stór luacha. Dá bhrí sin, tá ról ag airgead tirim in euro i gcothú na cobhsaíochta airgeadais agus i dtarchur an bheartais airgeadaíochta.

2. **Toirmeasc soiléir ar eisiaimh aontaobhacha airgid thirim ex ante**

2.1. Tá na hábhair imní chéanna ag BCE a leagtar síos sa rialachán atá beartaithe maidir le 'eisiaimh aontaobhacha airgid thirim' ag miondíoltóirí nó soláthraithe seirbhíse. .Dá leathnófaí cásanna den sórt sin, bhainfí an bonn go mór ó stádas dlíthairgthe nótaí bainc agus bonn euro ([19]). Ba cheart foráil nua a áireamh sa rialachán atá beartaithe chun a léiriú go soiléir go bhfuil toirmeasc ar eisiamh aontaobhacha airgid thirim ex ante.

2.2. Molann BCE freisin an sainmhíniú ar eisiaimh aontaobhacha airgid thirim ex ante a leasú sa rialachán atá beartaithe ([20]) chun a shoiléiriú go n-áirítear ann cleachtais 'gan airgead tirim' (e.g. comharthaí 'gan airgead tirim' ag bealaí isteach an tsiopa nó ag pointí díolacháin) chomh maith le téarmaí conarthacha nár caibidlíodh ar leithligh (e.g. conarthaí foirm chaighdeánacha réamhfhoirmithe). Ina theannta sin, ba cheart go sonrófaí san fhoráil atá beartaithe maidir leis na heisceachtaí ón bprionsabal a bhaineann le glacadh éigeantach nótaí bainc agus boinn euro ([21]) go bhfuil an dualgas cruthúnais chun a shuíomh go raibh comhaontú roimh ré idir an t-íocóir agus an t-íocaí ar mhodh íocaíochta seachas airgead tirim ar an íocaí.

2.3. Luaitear sa rialachán atá beartaithe go dtagann eisiaimh aontaobhacha ex ante ar airgead tirim faoina raon feidhme ([22]). Sainmhínítear ann 'eisiaimh aontaobhacha airgid thirim ex ante' mar chásanna ina ndéanann miondíoltóirí agus soláthraithe seirbhíse airgead tirim a eisiamh go haontaobhach mar mhodh íocaíochta, agus nach n-aontaíonn an t-íocóir ná an t-íocaí gan bhac le modh íocaíochta chun é a cheannach ([23]). Dá bhrí sin, ní cásanna iad eisiaimh aontaobhacha ex ante ar airgead tirim ina bhfuil comhaontú roimh ré, arna chaibidliú ar leithligh, idir an t-íocóir agus an t-íocaí ar mhodh íocaíochta seachas airgead tirim, a bheadh ina eisceacht bhailí ar phrionsabal an ghlactha éigeantaigh ([24]). Cé go n-éileodh eisiamh airgid thirim a *comhaontaíodh* roimhe sin fíorchaibidlíocht, baineann eisiamh *aontaobhach* ex ante ar airgead tirim le coinníoll doshannta don íocóir chun fiachas airgid a shocrú leis an íocaí.

2.4. Foráiltear leis an rialachán atá beartaithe, áfach, go ndéanfaidh na Ballstáit faireachán ar leibhéal eisiaimh aontaobhacha íocaíochtaí in airgead tirim ar fud a gcríche ([25]). Luaitear in aithrisí an rialacháin atá beartaithe, má chinneann Ballstát go mbaineann eisiaimh aontaobhacha airgid thirim an bonn den phrionsabal maidir le glacadh éigeantach nótaí bainc agus boinn euro, gur cheart dó bearta a dhéanamh chun an cás a leigheas. D'fhéadfaí a áireamh i mbearta den sórt sin toirmeasc ar eisiamh aontaobhach ex ante ar airgead tirim ina chríoch ar fad nó i gcodanna di ([26]).

([17]) Féach, mar shampla, mír 2.10 de Thuairim CON/2022/9.
([18]) Féach mír 2.4 de Thuairim CON/2017/8, mír 2.1 de Thuairim CON/2019/41, mír 9.2.1 de Thuairim CON/2020/13, mír 2.3 de Thuairim CON/2020/21, mír 7.2.1 de Thuairim CON/2021/9 agus mír 2.1 de Thuairim CON/2021/18.
([19]) Féach an Litir ó Uachtarán BCE chuig an Uasal Chris MacManus, Feisire de Pharlaimint na hEorpa, maidir le dlíthiúlacht diúltú aontaobhach ceannaithe glacadh le híocaíochtaí in airgead tirim i gcomhthéacs gnólacht le custaiméir (L/CL/23/130), an 23 Meitheamh 2023, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin BCE ag www.ecb.europa.eu
([20]) Féach Airteagal 3, pointe 4, den rialachán beartaithe.
([21]) Féach Airteagal 5(1) den rialachán beartaithe.
([22]) Féach Airteagal 2(1) den rialachán beartaithe.
([23]) Féach Airteagal 3, pointe 4, den rialachán beartaithe.
([24]) Féach Airteagal 5(1), pointe b, den rialachán beartaithe.
([25]) Féach Airteagal 7 den rialachán beartaithe.
([26]) Féach aithris 6 den rialachán beartaithe.

2.5. Dá bhrí sin, is cosúil go léirítear le forálacha áirithe den rialachán atá beartaithe nach ionann eisiamh aontaobhach ex ante ar airgead tirim agus comhaontú roimh ré idir íocóir agus íocaí chun modh íocaíochta seachas airgead tirim a úsáid, ionas go mbeadh feidhm ag prionsabal an ghlactha éigeantaigh ([27]). Sonraítear go soiléir i gceann de na forálacha sin ([28]), i gcás ina ndéanann miondíoltóir nó soláthraí seirbhíse airgead tirim a eisiamh go haontaobhach mar mhodh íocaíochta, mar shampla trí chomhartha 'gan airgead tirim' a thabhairt isteach, nach n-aontaíonn an t-íocóir ná an t-íocaí gan bhac le modh íocaíochta. Tugtar le fios leis sin nach ndéanfaí eisiaimh aontaobhacha airgid thirim ex ante a dhíolmhú ón bprionsabal go mbeadh sé éigeantach glacadh le nótaí bainc agus boinn euro. Dá bhrí sin, bheadh siad ina sáruithe ar an rialachán atá beartaithe.

2.6. Is deacair, áfach, an léirmhíniú sin a réiteach leis an oibleagáid atá ar na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar leibhéal na n-eisiamh aontaobhacha airgid thirim ar fud a gcríoch, agus cosc a chur orthu, ina chríoch uile nó i gcodanna di, más rud é go mbaineann an leibhéal glactha le híocaíochtaí in airgead tirim ina gcríoch nó i gcodanna di an bonn den phrionsabal maidir le glacadh éigeantach le hairgead tirim in euro. Má sháraíonn eisiamh aontaobhach ex ante ar airgead tirim an rialachán atá beartaithe, ba cheart é a bheith mar fhreagairt ag na Ballstáit comhlíonadh an rialacháin atá beartaithe a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear trí rialacha a leagan síos maidir le pionóis agus pionóis a fhorchur i gcoinne na n-eisiamh sin ar airgead tirim ([29])in euro, seachas faireachán a dhéanamh ar cé chomh forleathan agus atá na cásanna neamhdhleathacha sin ina gcríoch.

2.7. Ina dhiaidh sin, chuirfí toirmeasc soiléir ar eisiaimh aontaobhacha airgid thirim in ionad na hoibleagáide a fhorchuirtear ar na Ballstáit chun faireachán a dhéanamh ar leibhéal na n-eisiamh aontaobhach ex ante íocaíochtaí in airgead tirim ina gcríoch agus dhéanfaí foráil maidir le sainmhíniú soiléir ar raon feidhme agus ar éifeachtaí an stádais dhlíthiúilthairisceana maidir le hairgead tirim in euro ([30]).

3. **Eisiamh aontaobhach ex ante airgid thirim ag eintitis earnála poiblí**

3.1. Ní eisiann an rialachán atá beartaithe catagóirí sonracha íocóirí ná íocaithe óna raon feidhme ([31]). Ag an am céanna, aithnítear sna haithrisí go bhféadfaidh na Ballstáit, i bprionsabal, srian a chur le glacadh éigeantach airgid thirim, ag gníomhú dóibh de bhun a n-inniúlachtaí agus má chomhlíontar coinníollacha áirithe (e.g. forais leasa phoiblí, comhréireacht), ([32])mar atá luaite ag an gCúirt Bhreithiúnais ([33]). I ndáil leis sin, tuigeann BCE nach bhfuil cleachtais 'gan airgead tirim' á leanúint ag eintitis earnála poiblí (e.g. ospidéil phoiblí agus músaeim phoiblí) mar eisceachtaí bailí ar ghlacadh éigeantach nótaí bainc agus bonn euro a thugann na Ballstáit isteach agus iad ag gníomhú laistigh dá réimse inniúlachta. Sa mhéid nach nósanna imeachta rialaithe iad na cleachtais sin chun oibleagáidí airgid a shocrú ([34]) dá bhforáiltear i reachtaíocht Ballstáit, ach cleachtais aontaobhacha, is eisiamh aontaobhach ex ante ar airgead tirim iad cleachtais 'gan airgead tirim' a leanann eintitis earnála poiblí mar a shainmhínítear sa rialachán atá beartaithe ([35]). Dá bhrí sin, ([36]) ba cheart aithrisí an rialacháin atá beartaithe a choigeartú chun a shoiléiriú go dtagann cleachtais 'gan airgead tirim' a leanann eintitis earnála poiblí faoi raon feidhme an rialacháin atá beartaithe agus go bhfuil toirmeasc orthu dá bhrí sin.

4. **Ilghnéitheach**

4.1. Tá feidhm ag an rialachán atá beartaithe maidir le 'socrú fiach airgid a mhéid atá siad le socrú in airgead tirim, ina n-iomláine nó i bpáirt, i gcás inarb ann d'oibleagáid íocaíochta' ([37]). Tuigeann BCE go dtagraíonn an frása 'a mhéid atá siad le socrú in airgead tirim' do theidlíocht an íocóra a roghnú íocaíocht a dhéanamh in airgead tirim nuair atá

([27]) Féach Airteagal 3, pointe 4, agus Airteagal 5(1), pointe (b), den rialachán atá beartaithe.
([28]) Féach Airteagal 3, pointe 4, den rialachán atá beartaithe.
([29]) Féach Airteagal 12 agus Airteagal 13(1), pointe (b), den rialachán atá beartaithe.
([30]) Féach Airteagail 7 agus 9 den rialachán beartaithe.
([31]) Féach Airteagal 2 den rialachán beartaithe.
([32]) Féach aithrisí 4 agus 11 den rialachán beartaithe.
([33]) Féach an breithiúnas i gCásanna Uamtha C-422/19 agus C-423/19, míreanna 55 agus 56 agus 67 go 70.
([34]) Féach an breithiúnas i gCásanna Uamtha C-422/19 agus C-423/19, míreanna 56 agus 58.
([35]) Féach Airteagal 3, pointe 4, den rialachán atá beartaithe.
([36]) Féach, go háirithe, aithris11 den rialachán beartaithe.
([37]) Féach Airteagal 2(1) den rialachán beartaithe.

modhanna eile íocaíochta ar fáil. Mar sin féin, d'fhéadfaí an frása seo a léamh freisin mar theorainn neamhchinntithe ar phrionsabal an ghlactha éigeantaigh ([38]). D'fhéadfaí a mheas mar rud a thugann le tuiscint nach féidir ach fiachais airgid áirithe a shocrú in airgead tirim. Ar mhaithe le soiléireacht dhlíthiúil, mholfadh BCE, dá bhrí sin, an rialachán atá beartaithe a leasú ina leith sin.

4.2. Thairis sin, i ndáil leis na heisceachtaí ón bprionsabal a bhaineann le glacadh éigeantach nótaí bainc agus boinn euro, foráiltear leis an rialachán atá beartaithe go mbeidh íocaí i dteideal airgead tirim in euro a dhiúltú 'i gcás ina ndéantar diúltú de mheon macánta agus i gcás ina bhfuil diúltú den sórt sin bunaithe ar fhorais dhlisteanacha agus shealadacha i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta i bhfianaise imthosca nithiúla nach bhfuil neart ag an íocaí orthu' ([39]). Tuigeann BCE gur forchuireadh roinnt coinníollacha carnacha maidir le cur i bhfeidhm na heisceachta 'meon macánta' chun an barra ard a shocrú d'íocaí atá ag brath ar an eisceacht sin chun údar a thabhairt le diúltú glacadh le hairgead tirim. Is díol sásaimh do BCE an cur chuige sin.

4.3. Tuigeann BCE gur 'foras dlisteanach' an-sonrach ([40]) é gan aon athrú a bheith ar fáil ar a ndiúltófaí nótaí bainc agus boinn euro nach bhfuil mar bhonn eolais leis an tuiscint ghinearálta ar an eisceacht de mheon macánta. Ní féidir an foras sonrach sin a úsáid, áfach, chun a chinneadh cad is 'imthosca nithiúla ann nach bhfuil neart ag an íocaí orthu' i gcásanna eile. Go deimhin, tá sé amhrasach nach bhfuil neart ag an íocaí ar an imthoisc sin, agus dá ndéileálfaí leis mar shampla táscach, thiocfadh sé salach ar rún foriomlán an reachtóra an t-eisceacht de mheon macánta a chur i muinín phrionsabal an ghlactha éigeantaigh a leagtar amach sa rialachán atá beartaithe.

4.4. Thairis sin, leis an rialachán atá beartaithe, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bhfuil feidhm ghinearálta leo a ghlacadh maidir le tacar comhtháscairí nach mór do na Ballstáit a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar ghlacadh íocaíochtaí in airgead tirim agus ar rochtain ar airgead tirim ar fud a gcríche ([41]). Luaitear go sainráite ann go rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le BCE agus na gníomhartha cur chun feidhme ábhartha á n-ullmhú aige. A mhéid is féidir, ba cheart go bhfeidhmeodh obair reatha an Eurochórais sa réimse sin mar thagairt agus comhtháscairí á sainiú. Leis an rialachán atá beartaithe, tugtar de chumhacht don Choimisiún freisin gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh atá dírithe ar Bhallstát má mheasann sé nach leor na bearta feabhais atá molta ag an mBallstát nó nach n-áirithítear go hiomchuí glacadh le híocaíochtaí in airgead tirim nó rochtain ar airgead tirim ([42]). Mar sin féin, tá tagairt chomhchosúil do chomhairliúchán BCE in easnamh sa dara cás. Eascraíonn an dualgas dul i gcomhairle le BCE as an bhfíoras go mbeadh na gníomhartha ábhartha, a mhéid a chuireann siad an rialachán atá beartaithe chun feidhme, bunaithe ar Airteagal 133 den Chonradh, ina dtagraítear go sonrach don ghá atá le dul i gcomhairle le BCE. Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, ba cheart tagairt shainráite a dhéanamh sa rialachán atá beartaithe don dualgas dul i gcomhairle le BCE sula nglacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá dírithe ar Bhallstát sonrach.

4.5. Ar deireadh, fáiltíonn BCE roimh an tagairt don in-chomhshóiteacht ar par idir nótaí bainc agus boinn euro agus an euro digiteach sa rialachán atá beartaithe ([43]). Is toradh nádúrtha í an inchomhshóiteacht sin ar stádas dlíthairisceana an airgid thirim in euro agus an euro dhigitigh. Mholfadh BCE, áfach, an téarma 'indíoltacht' a úsáid in ionad 'inbhéartaitheacht', toisc gur léiriú níos fearr é ar an smaoineamh gurb iad airgead tirim in euro agus an euro digiteach an t-airgeadra céanna (i.e. an euro), cé gur in dhá fhoirm éagsúla atá ann. Tugann BCE dá aire go bhfuil an t-airteagal ábhartha sa rialachán atá beartaithe maidir leis an euro digiteach ar aon dul leis an gceann comhfhreagrach sa rialachán atá beartaithe i ndáil leis sin ([44]), agus tarraingíonn sé aird na gcomhreachtóirí ar an ngá atá ann an dá fhoráil sin a choinneáil ailínithe le linn an phróisis reachtaigh.

([38]) Féach Airteagal 4 den rialachán beartaithe.
([39]) Féach Airteagal 5(1), pointe (a), den rialachán beartaithe.
([40]) Féach Airteagal 5(2), pointe (ii), den rialachán beartaithe.
([41]) Féach Airteagal 9(2) den rialachán beartaithe.
([42]) Féach Airteagal 9(5) den rialachán beartaithe.
([43]) Féach Airteagal 15 den rialachán beartaithe.
([44]) Féach Airteagal 12 den rialachán atá beartaithe maidir leis an euro digiteach agus Airteagal 15 den rialachán atá beartaithe.

I gcás ina molann BCE go leasófar an rialachán atá beartaithe, leagtar amach tograí sonracha dréachtaithe maidir le dréachtú i ndoiciméad oibre teicniúil ar leith a mbeidh téacs míniúcháin chun na críche sin ag gabháil leis. Tá an doiciméad oibre teicniúil ar fáil i mBéarla ar EUR-Lex.

Arna dhéanamh ag Frankfurt am Main, 13 Deireadh Fómhair 2023.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE